CINNEADH (AE) 2023/376 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Feabhra 2023

lena leasaítear comhdhéanamh an ghrúpa comhordaithe leictreachais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais ([1]),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ([2]),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas ([3]),

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas ([4]),

Ag féachaint do Chinneadh 2012/C 353/02 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2012 lena mbunaítear an Grúpa Comhordaithe Leictreachais ([5]),

Ag féachaint don Chinneadh ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú ([6]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhunaigh Cinneadh 2012/C 353/02 an Grúpa Comhordaithe Leictreachais mar ghrúpa saineolaithe chun an dá rud seo a leanas a dhéanamh: (i) an comhar agus an comhardú idir na Ballstáit agus an Coimisiún i dtaca le trádáil thrasteorann leictreachais agus i saincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair fuinnimh; agus (ii) cuidiú leis an gCoimisiún a thionscnaimh beartais a dhearadh.

(2) Sonraítear i mír 1 d'Airteagal 4 de Chinneadh 2012/C 353/02 nach mór do na comhaltaí seo a leanas a bheith ar an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais, go háirithe: (i) na haireachtaí a bhfuil inniúlacht acu as an bhfuinneamh; (ii) na húdaráis rialála náisiúnta le haghaidh an fhuinnimh; (iii) an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ("an Ghníomhaireacht") a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]); agus (iv) an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais ("an ENTSO don Leictreachas") a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(3) Rinneadh uasghrádú ar an gcreat dlíthiúil lena rialaítear margadh inmheánach leictreachais an Aontais agus slándáil a sholáthair leictreachais araon trí na nithe seo a leanas: (i) Rialachán (AE) 2019/943 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas; (ii) Treoir (AE) 2019/944 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas; (iii) Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais; agus (iv) Rialachán (AE) 2019/942 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.

(4) Go háirithe, leis an Rialachán maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais aisghaireadh Treoir 2005/89/CE agus neartaíodh an creat dlíthiúil maidir le cinnteacht an tsoláthair leictreachais. Leis an Rialachán maidir le riosca-ullmhacht aithnítear na gnéithe leathana den tsaincheist a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair agus na leasanna atá ag cur chuige uile-Aontais nó réigiúnach i ndáil leis sin.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 1.
([2]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 22.
([3]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 54.
([4]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 125.
([5]) IO C 353, 17.11.2012, lch. 2.
([6]) C(2016) 3301 final.
([7]) Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 211, 14.8.2009, lch. 1).
([8]) Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 15).

(5) Is inniúlacht il-leibhéil í cinnteacht an tsoláthair a áirithiú atá roinnte i measc gníomhaithe éagsúla agus is gá go mbeadh comhar éifeachtach eatarthu chun í a áirithiú. Áirítear ar na gníomhaithe sin na Ballstáit, rialálaithe, oibreoirí córas tarchurtha, oibreoirí córas dáileacháin agus páirtithe leasmhara eile.

(6) Chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú, ba cheart baint dhíreach a bheith ag an eintiteas Eorpach nua d'oibreoirí córas dáileacháin a bunaíodh faoi Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2019/943 le haghaidh comhar idir oibreoirí córas dáileacháin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh mar chomhalta den Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2012/C 353/02 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4, mír 1, cuirtear isteach an pointe (e) seo a leanas:

"(e) an t-eintiteas Eorpach d'oibreoirí córas dáileacháin ('eintiteas AE do OCDanna') a bhunaítear le Rialachán (AE) 2019/943;"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN